# Cód Riail Bhéasa agus Smachta (DRÉACHT)

Code of Behaviour and Discipline
2023

---

**Réamhrá/*Introduction***

Déantar athbhreithniú agus uasdháthú ar ár gCód Riail Bhéasa agus Smachta nuair is cuí. Tar éis dul i gcomhairle le foireann na scoile, Coiste na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta tá plé, athbhreithniú agus uasdátú déanta againn in Eanáir 2023. Tá ómós, tacaíocht agus có-oibriú idir muintir na foirne, páistí agus tuismitheoirí riachtanach má tá an cód seo le bheith éifeachtach.

*Our Code of Behaviour and Discipline is reviewed and updated as necessary. In consultation with pupils, staff, teachers, the Parents Association and the Board of Management we have discussed, reviewed and updated it in January 2023. Respect, support and co-operation between staff members, pupils and parents are essential if the code is to be effective.*

**Aidhmeanna an Chóid/*Aims of the Code***

Tá sé mar aidhm ag an gcód a chinntiú go gcuirfear féiniúlacht gach uile pháiste san áireamh agus go nglacfar ag an am céanna le ceart an pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht atá réasúnta soar ó iompar toirmeascach.

Tá sé mar aidhm ag an gCód Riail Bhéasa agus Smachta a chinntiú:

a. Go gcothófar feidhmiú éifeachtach na scoile agus dea-smacht sna ranganna chun go gcoinneofar atmaisféar spreagúil foghlamtha.

b. Go gcoimeádfar ard chaighdeán smachta ar fud na scoile agus meas ar thimpeallacht na scoile.

c. Go gcothófar féinsmacht sna daltaí agus é bunaithe ar mheas agus ar thuiscint dá chéile.

*The aim of this code is to ensure that the individuality of each child is accommodated while acknowledging the right of each child to an education in a relatively disruption-free environment.*
*The Code of Behaviour and Discipline is designed to:*

*a. Maintain the efficient operation of the school and the structuring of in-class discipline so that there can be an efficient and stimulating learning environment.*
*b. Preserve good order throughout the school and respect for the school environment.*
*c. Promote the development of self-discipline in pupils based on consideration, respect and tolerance for others.*

**Treoirlínte don Dea-Iompair /*Guidelines for Good Behaviour***

Tá na treoirlínte don dea-iompar roinnte i dtrí chuid:

- Iompar Scoile
- Iompar Ranga
- Iompar sa Chlós

*Our guidelines for good behaviour are divided into three sections:*

- *School Behaviour*
- *Classroom Behaviour*
- *Playground Behaviour*

- **Iompar Scoile/School Behaviour**

1. Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus ní mór do gach páiste í a labhairt chomh maith agus is féidir leo. Beifear ag súil go dtabharfaidh na tuismitheoirí gach spreagadh do na leanaí agus go ndéanfaidh said féin iarracht í a labhairt, go mór mhór i dtimpeallacht na scoile.
*Irish is the spoken language of the school and all children are required to speak it to the best of their ability. It is expected that the parents will*

*give the children every encouragement and endeavour to use whatever Irish they have, especially in the school surroundings.*

2. Tá sé tábhachtach do na páistí bheith in am don scoil. Ní mór d'aon thuismitheoir, teacht go dtí an oifig, ainm an pháiste agus cúis a scríobh sa leabhair san oifig nuair a bhíonn an páiste déanach ar maidin. Ní mór d'éinne atá as láthair nóta a chur ar Aladdin. Más ghá do pháiste an scoil a fhágáil, caithfidh an thuismitheoir/caomhnóir teacht go dtí an oifig chun an páiste a bhailiú. Caithfear taifead a choiméad sa leabhar san oifig.
   *It is essential that the children are in time for school. Parents must come to the office and sign the child/children in if they are late for school. An explanatory note must be inputted into Aladdin following an absence from school. Should a child have to leave the school early, a parent/guardian should sign the child out at the office.*

3. Ní mór do gach páiste an éide scoile cheart a chaitheamh. Bíodh na héadaí scoile glan agus néata. Níl seodra ceadaithe ach amháin uaireadóir agus fáinní cluasa beaga. Ba cheart do ghruaig na páistí a bheith ceangailte siar, as an aghaidh. Iarrtar orthu culaith reatha na scoile agus bróga reatha a chaitheamh lá an Chorpoideachais.
   *All children should come to school neatly presented in full school uniform. The uniform should be clean and tidy. Jewellery, other than stud earrings or a watch are prohibited. Hair should be neatly tied back and off the face for both girls and boys. They are expected to wear the School Tracksuit and running shoes on P.E. day. Only Crested school shorts may be worn from Easter to the end of September (Weather dependant).*

| **Buachaillí/Boys** | **Cailíní/Girls** |
|---|---|
| Bríste dúghorm/ navy trousers | gúna/bríste dúghorm/ pinafore/ navy trousers |
| Geansaí dearg/red jumper | Cardí dearg/ red cardigan |
| Léine bán/white shirt | Léine bán/white shirt |
| Carbhat dúghorm/navy tie | Carbhat dúghorm/navy tie |
| Bróga dubha/ black shoes | Bróga dubha/ black shoes |

| | |
|---|---|
| | Luiteoga dúghorm/dorcha nó riteoga gan patrún/ Navy or dark tights or leggings with no pattern. |

4. Iarrtar ar na páistí a bheith dea-bhéasach agus omósach i gcónaí lena chéile, lena múinteoirí, foireann na scoile agus le cuairteoirí chun na scoile.
*The children are expected to be courteous and respectful at all times to one another, to their teachers, staff members and to visitors to the school.*

5. Beifear ag súil leis go mbeidh na páistí fírinneach agus macánta lena chéile, le foireann na scoile agus gach éinne eile lena mbíonn siad i dteagmháil ar scoil.
*It is expected that all children will be truthful and honest with each other, with the school staff and with any person with whom they have contact at school.*

6. Ní foláir do na páistí meas a bheith acu ar shealúchas na scoile agus ar shealúchas dhaoine eile agus an scoil a choimeád slachtmhar. Má déantar damáiste d'aon ghnó, beidh ar thuismitheoirí an dalta/na ndaltaí íoc as.
*The children are expected to respect school property and other people's belongings and keep the school neat and tidy. Any deliberate damage to the school or school property must be paid for by parents.*

7. Ní cheadaítear cluichí luachmhara, seodra nó ipods a thabhairt ar scoil nó ar thurasanna scoile. Ní foláir do pháistí gutháin phóca a chasadh as agus iad a thabhairt don múinteoir ranga i rith am scoile. Má bhíonn gúthán póca ar siúl ag páiste I gcaitheamh an lae, tógfar é agus bheadh ar an dtuismitheoir teacht chun na scoile chun é a fháil ar ais.
*The children should refrain from bringing any valuables, ipods, expensive games or jewellery onto the school property and on school tours. They should ensure that if they have a mobile phone, it is switched off and given to the class teacher. If a phone is switched on or used by a child during the day, the phone will be confiscated and parents will need to come to the school to collect it.*

8. Má bhíonn ar pháistí airgead a thógáil ar scoil, caithfidh an t-airgead a bheith i gclúdach dúnta agus lipéad air. B'fhearr íocadh ar line.

*Any large sums of money brought to school by children must be presented to the teacher/secretary in a labelled sealed envelope. Online payment of same is preferred.*

9. **Siúlfaidh** na páistí isteach sa scoil, tríd an scoil agus amach as an scoil.
   *Each child is expected to **walk** orderly into the building, through the building and out of the building.*

10. Beidh na rialacha céanna smachta agus dea-iompar i bhfeidhm ar an mbus scoile, le linn do dhaltaí bheith ag taisteal go imeachtaí scoile agus fad is atá siad i láthair ag aon imeachtaí scoile.
    *The same principles of good behaviour apply on the school bus, on any trips out of school and while in attendance at any activity organised by the school.*

- **Iompar Ranga/Classroom Behaviour**

1. Tá sé de cheart ag gach páiste foghlaim agus taitneamh agus tairbhe a bhaint as an lá ar scoil. Mar sin, taispeánfar béasaí agus ómós do dhaoine eile i gcónaí sa rang.
   *Every child has the right to learn and enjoy and benefit from the school day. Consequently, the children will have good manners and show respect for others at all times in class.*

2. Leanfaidh na páistí treoracha an mhúinteora i gcónaí.
   *The children are expected to follow the teacher's directions at all times.*

3. Tá cosc ar/*The following will not be accepted:*
   - drochchaint/*foul and inappropriate language*
   - magadh faoi pháistí eile/*ridicule, sarcasm or name calling*
   - caint leanúnach le daoine eile sa seomra/*repeated unnecessary talking to others in the classroom*
   - scigmhagadh/*sniggering*
   - cur isteach ar obair pháistí eile/*interfering with the work of others*

4. Déanfaidh gach páiste a c(h)uid obair scoile/baile chomh maith agus is féidir leis/léi.
   *Each child will do his/her schoolwork/homework to the best of his/her ability.*

5. Is scoil cóthaithe sláintiúl sinn. Ba cheart lón sláintiúil a bheith ag na páistí agus iad ag teacht ar scoil. Níl cead aon bia milis a bheith ar scoil. Tá cosc ar chriospaí, líreacáin, deochanna milse agus guma coganta I gcónaí. Uaireanta, ag amanta speisialta I rith na bliana tugtar rudaí milse dos na páistí. Níl cead ag páistí a lóin a roinnt.
   *We are a health promoting school. Please ensure your child has a healthy, nutritious packed lunch coming to school every day. Sweet treats are not allowed. Sweet treats may be provided by the teacher as class rewards at certain times of the year. Sharing of lunch is prohibited.*

   6. Is scoil ghlas sinn. Téann aon lón nach bhfuil ite abhaile ins na boscaí lóin gach tráthnóna. Tugtar moladh do pháistí a rothaíonn, a shiúlann, a thagann ar scútar nó a dheineann páirceáil agus siúl ar scoil gach maidin agus tráthnóna.
   We are a green school. All rubbish, paper wrappings and uneaten lunch go home each day in the lunch boxes. Children are encouraged to walk, cycle, scoot or park and walk to and from school each morning and afternoon.

7. Coimeádfaidh na páistí an seomra ranga glan agus néata i gcónaí.
   *The children will keep the classroom clean and tidy at all times.*

8. Fanfaidh gach páiste ina s(h)uí más gá don mhúinteoir an rang a fhágáil.
   *The children will remain seated should the teacher have to leave the classroom for any reason.*

- **Iompar sa Chlós/Playground Behaviour**

Is ar son sláinte agus sábháilteachta na bpáistí a chuirtear cód iompair i bhfeidhm sa chlós.
*The guidelines for playground behaviour are based on the need for safety for all pupils.*

1. Glacfaidh gach páiste le pé treoracha a leagfaidh an múinteoir i bhfeighil síos. Taispeánfaidh siad ómós don údarás atá ag gach ball don fhoireann.
   *All children will follow the guidelines laid down by the teacher on yard duty. They will show respect for the authority of all staff members.*

2. Ní bheidh cluichí ina mbíonn brú nó tarraingt ar siúl.
   *Games which involve the pushing, pulling or dragging of children or their clothes will not be allowed.*

3. Siúlfaidh gach rang amach go dtí an clós agus nuair a bhuailtear an cloigín, siúlfaidh gach dalta go dtí an líne. Fanfaidh siad ina dtost go dtí go scaoilfear isteach sa scoil iad.
   *Each class will walk to the yard and on hearing the bell will walk to the appropriate class line. They will remain in the line in silence until called upon to walk into the school.*

4. Ní fhágfaidh aon pháiste an clós gan chead a fháil ón múinteoir i bhfeighil.
   *Children will not leave the playground without getting permission from the teacher on yard duty.*

5. Ar laethanta atá fliuch, fanfaidh na páistí sa seomra ranga nó rachfaidh said go dtí an halla. Cuirfear cluichí boird agus leabhair ar fáil dóibh.
   *On wet days the children will stay in their classrooms or go to the hall where board games and library books will be available to them.*

6. Ní bheidh na páistí ag dreapadh nó ag caitheamh clocha sa chlós.
   *The children will not climb or throw stones in the playground.*

7. Coimeádfaidh na páistí an clós saor ó bhruscar.
   *The children will keep the playground litter free.*

**Bulaíocht/Bullying**

Leanann polasaí na scoile i leith bulaíochta an Cód Riail Bhéasa agus Smachta. Tá an dá cheann fite fuaite le chéile.

The school's Anti-Bullying Policy is available online. Both policies are interconnected.

**Cuntas ar Mhí-Iompar/Recording of Misdemeanors**

Déanfar taifid faoi dhroch-iompar agus pátrúin ar leith d'iompar ag na múinteoirí ranga. Roinnfear an t-eolas faoi na deacrachtaí le tuismitheoirí chomh luath agus is féidir.

*Teachers will record incidents as appropriate. Information on misbehavior and patterns of behavior will be communicated with parents as early as necessary.*

**Strategies to Affirm Good Behaviour/**

***Straitéisí Chun Dea-Iompar a Chothú***

**Don Pháiste Aonair/*For the Individual Child***

- Moladh ó bhéal, greamaiththeóirí, teastais, nótaí/glaochanna gutháin do thuismitheoirí, páistí a chur timpeall go múinteoirí eile/*verbal praise, stickers, certificates, notes or phone calls of commendation to parents, sending children around to other teachers*
- Obair ar thaispeáint timpeall na scoile, griangrafanna ar thaispeáint, aitheantas ag Tionól/*work displayed or photographs of award winners taken and displayed, special recognition at Assembly*
- Am saor ón obair bhaile/*Homework free night*
- Pribhléidí Breise/*Privilege Time*
- Gníomhaíocht Speisialta/*Special Activity*

**Don Rang/*For the Class***

- Am breise don lón/do chluichí/*Extra lunch/game time*
- Cóisir Ranga/*Class Party*
- Turas/*Outing*
- Am órga/ *Golden time*
- Obair bhaile saor ar oíche ar leith/*No homework on certain night*
- Duais don rang/*Class prize*
- Cuairteoir/saotharlann don rang/*Visitor or workshop for the class*

**Smachtbhannaí/*Disciplinary Measures***

Tá gá le smachtbhannaí, chun míshástacht i leith iompair nach féidir glacadh leis, a chur in iúl. Is córas grádaithe smachtbhannaí é seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm i gcás mí-iompair bheagchúisigh a tharlaíonn go minic nó i gcás mí-iompair thromchúisigh. Tá solúbthacht ag baint leis an gcóras seo áfach chun go gcuirfí tosca gach dalta ar leith san áireamh. Dá réir sin is féidir ord na smachtbhannaí a athrú más gá i gcásanna mí-iompar thromchúisigh.
*There is a need for sanctions to register disapproval of unacceptable behaviour. The following is a graded system of sanctions which will be implemented in cases of repeated instances of minor misbehaviour and in the event of serious misbehaviour. However, this system does contain a degree of flexibility to take account of individual circumstances. Accordingly, the sequence can also be varied in cases of gross misconduct.*

- Plé / *Discussion*
- Dul chun réasún leis an bpáiste.
  *Reasoning with the child.*

- Comhairle / *Advice*
  Comhairle a leasa a chur ar an bpáiste.
  *Advice re: appropriate behaviour.*
- Foláireamh ó bhéal a thabhairt
  *Verbal warning to pupil*
- Obair bhreise a leagan amach
  *Additional work prescribed*
- Pribhléidí a bhaint de/di
  *Loss of privileges*
- An dalta a scarúint go sealadach óna p(h)iarghrúpa
  *Temporary separation from peers*
- Fanacht istigh ag am loin
  *Detention during break time*
- Iarrtar ar an dalta nóta a scríobh faoin eachtra agus é a fháil sínithe ag tuismitheoir.
  *The child is required to write a note regarding the incident which is to be signed by the parent.*
- Coimeádtar tuairisc faoin mí-iompar. Cuirtear scéal chuig an bpríomhoide.
  *Misbehaviour is recorded and reported to School Principal as necessary.*
- Idirghabháil an Phríomhoide / *Intervention of Principal*
- Tuismitheoirí / *Parents*
  Tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide cuirfidh an Múinteoir Ranga glaoch nó litir fhoirmiúil chuig na tuismitheoirí. Iarrtar orthu an litir a shíniú agus a chur ar ais chun deimhin a dhéanamh de go bhfuaireadar í. I gcásanna leanúnacha, iarrfar ar na tuismitheoirí teacht go dtí an scoil chun bualadh leis an múinteoir ranga agus an príomhoide, chun cúrsaí a phlé.
  *A phone call or formal letter will be sent to parents from Class Teacher following communication with Principal. The parents will be required to sign and return the letter to ensure they received it. In cases of ongoing misbehaviour, the parents will be required to come to school to meet with the Class Teacher and Principal to discuss the matter.*

**Fionraí Sealadach / *Temporary Suspension***

I gcás mí-iompair a tharlaíonn go minic nó i gcás mí-iompair thromchúisigh, smaoineofar ar an bpáiste a chur ar fionraí sealadach ón scoil. Seo a leanas samplaí d'iompar tromchúiseach:

bréaga a insint/ goideadh/ ag déanamh damáiste d'aon ghnó do shealúchas duine eile nó do shealúchas na scoile/ a bheith ar bhall áitribh na scoile gan chead i ndiaidh am scoile/ droch-chaint/ gléasanna troda a thabhairt ar scoil/ iompar ionsaitheach, foréigneach, bagrach, nó i leith múinteora nó páiste eile

Nuair atá pátrún leanúnach de mhí-iompar, cuirfear cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas agus iarrfar i scríbhinn ar na tuismitheoirí teacht ar scoil chun bualadh leis an gcathaoirleach agus leis an bpríomhoide. Muna bhfuil na tuismitheoirí sásta gealltanas a thabhairt go mbeidh feabhas ar iompar an pháiste sa todhchaí is féidir an páiste a chur ar fionraí sealadach ón scoil. Beidh sé seo de réir téarmaí Rialach 130(5) de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.

I gcás mí-iompar thromchúisigh tabharfaidh an Bord údarás don chathaoirleach nó don phríomhoide an páiste a chur ar fionraí ón scoil láithreach bonn go dtí go mbeidh deis ar fáil chun an cheist a phlé leis na tuismitheoirí. Cinnteofar an tréimhse fionraíochta sa bhFógra Fionraíochta a bheidh sínithe ag cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus ag an bpríomhoide. Ar a theacht ar ais ar scoil don pháiste ba chóir go dtiocfadh tuismitheoir nó caomhnóir ina t(h)eannta chun bualadh leis an bpríomhoide.

*For gross misbehaviour or repeated instances of serious misbehaviour, suspension will be considered. The following are examples of behaviour that may be deemed serious/gross misbehaviour:*

*lying / stealing / deliberately damaging other pupil's property or the school premises/ bullying / back answering a teacher / frequenting school premises after school hours without appropriate permission / leaving school premises during school day without appropriate permission / using unacceptable language / bringing weapons to school/ aggressive, threatening or violent behaviour towards a teacher or pupil*

*Where there are repeated instances of serious misbehaviour, the chairperson of the Board of Management will be informed and the parents will be requested in writing to attend at the school to meet the chairperson and principal teacher. If the parents do not give an undertaking that the pupil will behave in an acceptable manner in the future the pupil may have to be suspended for a temporary period. Suspension will be in accordance with the terms of Rule 1 30 (5) of the Rules for National Schools.*

*In the case of gross misbehaviour the board will authorise the chairperson or principal teacher to sanction an immediate suspension, pending a discussion of the matter with the parents. Notice of suspension, signed by the chairperson of the*

*Board of Management and the school principal, will confirm the period of suspension from school.  On return to school following suspension, the child shall be accompanied by parent or guardian in order to meet with school principal.*

**Díbirt / Expulsion**

I bhfíor droch-chás déanfar machnamh ar dhalta a dhíbirt as an scoil de réir téarmaí rialach 130(b) de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.
*Expulsion may be considered in an extreme case, in accordance with rule 130(b) of the Rules for National Schools.*

**Achomharc / *Right of Appeal***

I ngach cás maidir le páiste a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil tá sé de cheart ag na tuismitheoirí nó ag na caomhnóirí achomharc a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta.
*In all cases involving the suspension or expulsion of a pupil the parents or guardians have a right of appeal to the Board of Management.*

**Teagmháil idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí - *Parent / Teacher Contact***

Tá ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí i múnlú dearcaidh a chothaíonn dea-iompar ar scoil.  Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí sa scoil i gcónaí agus iarrtar orthu gach deis a thapú chun lán-úsáid a bhaint as na bealaí cumarsáide foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chuireann an scoil ar fail dóibh.  Eagraítear cruinnithe le múinteoirí uair sa bhliain ach is féidir bualadh le múinteoir aon am eile i gcaitheamh na bliana ach coinne a shocrú roimh ré.
*Parents play a crucial role in shaping the attitudes which produce good behaviour in school and are encouraged to take full advantage of all formal and informal channels of communication made available by the school.  Individual parent/teacher meetings are organised once a year.  However, it is possible to meet a teacher at any other time during the year provided an appointment has been arranged in advance.*

Tá an Cód Riail bhéasa agus Smachta leagtha amach de réir Imlitreach 20/90 na Roinne Oideachais.  Beidh sé de cheart ag an bpríomhoide agus ag an mBord Bainistíochta Rialacha na Scoile a athrú amach anseo dá dtarlódh sé go mbeadh gá lena leithéid.

*The Code of Behaviour and Discipline document has been drawn up in accordance with Department of Education Guidelines (Circular 20/90). The Principal and the Board of Management reserve the right to amend the School Rules should they deem necessary.*

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an cód iompar seo a ghlacadh lena bpáiste(í) ar líne ar Aladdin. Cuirtear gach tuismitheoir ar an eolas faoin cód iompar seo nuair a chláraítear a bpáiste sa scoil. Déanfar athbhreithniú ar seo gach trí bliana nó nuair is ghá.

*Parents/Guardians are required to read through the code of behaviour with their children and together agree to accept the rules and procedures as laid out in the Code of Behaviour via Aladdin. New parents will be informed about this Code of Behaviour upon enrolling their children in our school. The policy will be reviewed every three years or as necessary.*